Oireachtas Library
54023001276440

# AN BILLE UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA (LEASÚ), 1993
# ÚDARÁS NA GAELTACHTA (AMENDMENT) BILL, 1993

*Mar a tionscnaíodh*
*As initiated*

[Uimh. 2 de 1993]

0174

## ÚDARÁS NA GAELTACHTA (AMENDMENT) BILL, 1993

*As initiated*

ARRANGEMENT OF SECTIONS

Section

1. Definitions.

2. Grants to an tÚdarás.

3. Advances to an tÚdarás.

4. Short title, collective citation and commencement.

ACTS REFERRED TO

| | |
|---|---|
| Gaeltacht Industries Acts, 1957 to 1977 | |
| Údarás na Gaeltachta Act, 1979 | 1979, No. 5 |
| Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 1989 | |

AN BILLE UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA (LEASÚ), 1993

*Mar a tionscnaíodh*

RIAR NA nALT


Alt

1. Mínithe.
2. Deontais don Údarás.
3. Airleacain don Údarás.
4. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.


NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| Na hAchtanna um Thionscail na Gaeltachta, 1957 go 1977 | |
| An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979 | 1979, Uimh. 5 |
| Na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1989 | |



0175

ÚDARÁS NA GAELTACHTA (AMENDMENT) BILL, 1993

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE ÚDARÁS NA GAELTACHTA ACT, 1979.

BE IT ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:

Definitions.

**1.**—In this Act—

"the Minister" means the Minister for Arts, Culture and the Gaeltacht;

"the Principal Act" means the Údarás na Gaeltachta Act, 1979;

"an tÚdarás" means Údarás na Gaeltachta.

Grants to an tÚdarás.

**2.**—The Principal Act is hereby amended by the substitution of the following section for section 22:

> "22.—In each financial year there may be paid by the Minister to an tÚdarás out of moneys provided by the Oireachtas a grant or grants of such amount or amounts as the Minister, with the consent of the Minister for Finance, may fix to enable an tÚdarás to meet any expenditure incurred by it in the performance of its functions.".

Advances to an tÚdarás.

**3.**—(1) Any advance made to an tÚdarás under section 23 of the Principal Act before the commencement of this Act shall not be repayable nor shall interest be payable thereon.

(2) Any advance made to Gaeltarra Éireann under the Gaeltacht Industries Acts, 1957 to 1977, after the 1st day of April, 1965, shall not be repayable nor shall interest be payable thereon.

(3) Subsection (1), paragraphs (*a*) and (*c*) of subsection (2) and subsections (3) and (4) of the said section 23 are hereby repealed.

Short title, collective citation and commencement.

**4.**—(1) This Act may be cited as the Údarás na Gaeltachta (Amendment) Act, 1993.

(2) The Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 1989, and this Act may be cited together as the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 1993.

AN BILLE UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA (LEASÚ), 1993

# BILLE

*dá ngairtear*

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA, 1979.

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

**1.**—San Acht seo—

ciallaíonn "an tAire" an tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta;

ciallaíonn "an Príomh-Acht" an tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979;

ciallaíonn "an tÚdarás" Údarás na Gaeltachta.

Deontais don Údarás.

**2.**—Leasaítear leis seo an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 22:

> "22.—I ngach bliain airgeadais féadfaidh an tAire deontas nó deontais, ina mbeidh cibé méid nó méideanna a shocróidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc leis an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun a chumasú don Údarás aon chaiteachas a íoc a thabhóidh sé le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.".

Airleacain don Údarás.

**3.**—(1) Ní bheidh aon airleacan a tugadh don Údarás faoi alt 23 den Phríomh-Acht roimh thosach feidhme an Achta seo inaisíoctha ná ní bheidh ús iníoctha air.

(2) Ní bheidh aon airleacan a tugadh do Ghaeltarra Éireann faoi na hAchtanna um Thionscail na Gaeltachta, 1957 go 1977, tar éis an 1ú lá d'Aibreán, 1965, inaisíoctha ná ní bheidh ús iníoctha air.

(3) Aisghairtear leis seo fo-alt (1), míreanna (*a*) agus (*c*) d'fho-alt (2) agus fo-ailt (3) agus (4) den alt sin 23.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

**4.**—(1) Féadfar an tAcht um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 1993, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1993, a ghairm de na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 1989, agus den Acht seo le chéile.



0176

ÚDARÁS NA GAELTACHTA (AMENDMENT) BILL, 1993

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to amend the Údarás na Gaeltachta Act, 1979.

*Presented by the Minister for Arts, Culture and the Gaeltacht,*
1*st February*, 1993

DUBLIN:
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE

To be purchased through any bookseller, or directly from the Government Publications Sale Office, Sun Alliance House, Molesworth Street, Dublin 2.

Printed by CAHILL PRINTERS LIMITED.

85p

AN BILLE UM ÚDARÁS NA GAELTACHTA (LEASÚ), 1993

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht do leasú an Achta um Údarás na Gaeltachta, 1979.

*An tAire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta a thíolaic,*
1 *Feabhra*, 1993

BAILE ÁTHA CLIATH:
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, nó trí aon díoltóir leabhar.

Clóbhuailte ag CAHILL PRINTERS LIMITED.

85p

Wt. P29451/B/2. 1,325. 2/93. Cahill. (X26189). G.16.